Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Uimhir Chiorcláin:
2008/22

Ábhar:

SOCRUITHE CURACLAIM, MEASÚNACHTA AGUS TUAIRISCITHE 2008/09

Dáta Eisiúna:
30 Meán Fómhair 2008

Sprioclucht:

- Príomhoidí agus Boird Gobharnóirí do scoileanna uile deontaschúnta;
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhairle Churaclaim, Scrúduithe agus Measúnachta;
- Comhairle na Gaelscolaíochta
- NICIE; agus
- Ceardchumainn Múinteoirí

Feasacht Ghobharnóir:
Riachtanach

Clárstadús:
Comhairle / Faisnéis do scoileanna

Doiciméid atá bainteach leis:

Ciorcláin na RO 2007/10 agus 2006/26

Achoimre na n-Ábhar:

Is í aidhm an chiorcláin seo na socruithe do bhainistiú 2008/09 a leagan amach, an dara bliain den chlár trí bliana ar chur i ngníomh an churaclaim athbhreithnithe agus na socruithe gaolmhara measúnachta agus tuairiscithe.

Doiciméid Chealaithe:
Neamhbhainteach

Dáta Éaga:
Neamhbhainteach

Fiosrúcháin:
Má bhíonn ceist ar bith agat faoi ábhar an Chiorcláin gabh i dteagmháil le:

Julie Craig
Curriculum & Assessment Team
Department of Education
Rathgael House
43 Balloo Road
BANGOR
BT19 7PR

Suíomh Gréasáin ROTE:
http://www.deni.gov.uk

Teil: 028 9127 9565
Faics: 028 9127 9100

Cóipeanna Breise:
Teil: 028 9127 9533

1. Leagann an ciorclán seo amach na socruithe do bhainistiú 2008/09, an dara bliain den chlár trí bliana de chur i ngníomh an churaclaim athbhreithnithe agus na socruithe gaolmhara measúnuithe agus tuairiscithe. Is chóir go léifear é i gcomhar le litir 30 Meán Fómhair 2008 ó Robson Davison agus Stanley Goudie.

Tuairisc chun dáta 2007/08

2. Mar is eol duit, d'éirigh linn maoiniú breise a fháil chun tacú leis an Bhonnchéim den churaclaim athbhreithnithe agus fuiar muid £32 milliún thar thrí bliana ar a shon. Ciallaíonn sé seo, den chéad uair riamh, go mbeidh rochtain ag gach páiste i mBlianta 1 agus 2 ar chuidiú ranga. Cuirfear £12 mhilliún eile thar thrí bliana ar fáil chun tacú le príomhoidí teagaisc. Chomh maith leis seo fuair scoileanna ríomhairí úra agus ríomhairí glúine breise mar chuid de roll-amach Mhír 6 agus chun tacú le múinteoireacht, foghlaim agus measúnú sa seomra ranga.

Socruithe do 2008/09

Curaclam

3. Léirigh an tAire Oideachais, Caitríona Ruane, go rí-shoiléir go gcaithfeadh muid, ar mhaithe lenár n-aos óg, móiminteam chur i ngníomh an churaclaim athbhreithnithe a choinneáil a dhul. Mar sin de fanann an clár ama mar a cuireadh in iúl – ón téarma seo beidh cur i ngníomh reachtúil an churaclaim athbhreithnithe curtha i bhfeidhm do Bhlianta 1,2,5 agus 6 i mbunscoileanna agus do Bhlianta 8,9,11 agus 12 in iar-bhunscoileanna.

4. Cuirfear traenáil agus tacaíocht ar fáil go fóill do scoileanna mar chuid den sprioc-chlár de thraenáil ar an churaclam athbhreithnithe, i líne sheichimh leis na hamscálaí reachtúla cur i ngníomh do phríomhoidí agus mhúinteoirí, agus ag tógáil ón aischothú atá tugtha. Beidh tacaíocht ar fáil chomh maith ó Churaclam Comhairleach BOL agus ó Oifigigh Tacaíochta agus iad i mbun a ngnáth-dhualgas. Leanfar le soláthar na laethanta fhorbairt phroifisiúnta 5 + 5 sna blianta 2008/09 agus 2009/10 chun tacú le príomhoidí i stiúradh an cur i ngníomh taobh istigh dá scoil.

5. Le teacht isteach an churaclaim athbhreithnithe agus le húsáid na solúbthachta breise a thugann sé do mhúinteoirí chun a múinteoireacht a bhunathrú chun tabhairt faoi riachtanais agus shuimeanna na bpáistí, is é ár n-ionchas go mbeidh fócas soiléir go fóill ar ardú caighdeán san litearthacht agus uimhearthacht laistigh den traenáil atá curtha ar fáil agus laistigh den chleachtas ranga.

6. Le leanúint ar aghaidh leis an chur i ngníomh agus bíonn an Roinn ag dúil le dul chun cinn leanúnach i dtaca le pleanáil agus le hoiriúnú cleachtais mar is gá , ba chóir go dtuigfeadh príomhoidí agus múinteoirí go mbeidh tacaíocht chomhsheasmhacht ann. Léirítear seo sa chur chuige a ghlacfar ag an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO).

7. Mar atá leagtha amach sa litir a cuireadh amach ar 30 Meán Fómhair 2008 ó Robson Davison agus Stanley Goudie, thar an tréimhse chur i ngníomh, agus comhsheasmhach le cothabháil ardchaighdeán i bhfoghlaim agus i dteagasc, díreoidh fócas COO ar aimsiú deachleachtais i scoileanna. Spreagfaidh cigirí múinteoirí agus tabharfadih siad tuairisc ar chleachtas maith nó fíormhaith i dtaca le cur i ngníomh an churaclaim athbhreithnithe. Ní chiallaíonn sé seo nach dtig le scoil cuid aicsin nó aicsean ar bith a ghlacadh. Aithníonn an Roinn agus COO go mbeidh am de dhíth ar mhuinteoirí pleanáil agus a gcleachtas ranga a leasú mar is gá chun an curaclam athbhreithne a chur i bhfeidhm . Beidh comhfhócas na Roinne agus COO le linn na hama se ar thacú le príomhoidí / muinteoirí, agus ag cinntiú go bhfuil an t-oideachas is fearr ag gach páiste, agus go mbainfidh siad caighdeáin amach de réir a gcumas.

8. Cheana féin i gcroílár an churaclaim athbhreithnithe, tá fócas láidir ar na bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta. Tugann sé níos mó solúbthachta do mhúinteoirí a mbreithiúnais phroifisiúnta a úsáid chun foghlaim a phleanáil, a thabhairt agus a mheas i mbealaí a chomhlíonann riachtanais na bpáistí agus na n-aos óg ina seomraí ranga. Áfach, tá litearthacht agus uimhearthacht róbhunúsach agus mar sin de tá cur chuige fócasaithe straitéiseach de dhíth. Mar sin de, leagann an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta, atá faoi

chomhairle go dtí 30 Samhain 2008, cur chuige straitéiseach a thacaíonn le litearthacht agus huimhearthacht sa seomra ranga, i gcomhthéacs an churacalim athbhreithnithe.

Measúnú

InCAS

9. Bainfidh measúnuithe InCAS, a tugadh isteach i mbunscoileanna anuraidh le daltaí Bhliain 5, le dhaltaí i mBlianta 5 agus 6 i 2008/09. Mar a bhí roimhe, caithfear seo a dhéanamh i dtéarma an fhómhair as siocair go bhfuil siad ann chun tacú le measúnú diagnóiseach. Ní bhaineann na measúnuithe InCAS le gné ar bith d'aistriú daltaí ó bhunscoil go hiarbhunscoil. Tá siad deartha mar mheasúnuithe diagnóiseacha chun cuidiú le múinteoirí a dteagasc a phleanáil chun riachtanais aimsithe na ndaltaí a chomhlíonadh ina seomraí ranga. Tá feabhsaithe déanta do bhogearraí InCAS, ag glacadh ar bord aischothú ó scoileanna anuraidh, leanfar ar aghaidh ag athbhreithniú an seasaimh agus InCAS á rolladh amach

10. Agus an t-aischothú ó scoileanna glactha ar bord, tá an Roinn fosta ag sólathar gléasanna luchóga ríomhaire do gach ríomhaire glúine i mbunscoileanna i Meán Fómhair 2008 trí C2K. Mar aon leis seo, beidh tuilleadh cluasán curtha ar fáil ag an am céanna, le níos mó le cur ar fáil sa scoilbhliain 2008/09. Ciallaíonn sé seo gur san fhómhar 2009, nuair a bheidh InCAS á ndéanamh ag daltaí i mBlianta 4-7, go mbeidh cluasáin ann do gach ríomhaire agus ríomhaire glúine sheirbhís bhainistithe , agus gléasanna luchóga ríomhaire do gach ríomhaire glúine sheirbhís bhainistithe i mbunscoileanna.

11. I Meitheamh 2007 moladh do scoileanna go dtuairisceodh siad , ón fhómhar 2008, na measúnuithe InCAS go foirmeálta do thuistí agus go mbeadh na tuairiscí seo comhordaithe go lárnach. Agus an t-eolas luachála glactha ar bord ón fhómhar 2007, an fhreagairt dhearfach faoin traenáil agus tacaíocht a tugadh agus an t-aischothú a tháinig ó na scoileanna agus ó mhúinteoirí aonaracha agus óna n-ionadaithe san áireamh, shocraigh an Roinn gur chóir go rachadh na modhanna seo a leanas i bhfeidhm ar mheasúnuithe InCAS an fhómhair 2008:

- **Déanfar measúnuithe InCAS go fóill i dtéarma an fhómhair i ngach rang Bhliain 5 agus Bhliain 6;**
- **Caithfidh scoileanna cuireadh do chruinniú a thairiscint do thuistí i dtéarma an fhómhair;**
- **Caithfidh scoileanna torthaí na measúnuithe a thuairisciú do thuistí I dtéarma an fhómhair.** Mar is eol duit, ba é an bunsprioc go dtabharfaí tuairisc scríofa do thuistí ar na torthaí seo, ón bhliain seo. Mar fhreagairt ar an aischothú, thug muid cuid solúbthacht bhreise isteach don bhliain agus sa scoilbhliain 2008/09 beidh ar scoileanna féin socrú ar mhaith leo tuairisc scríofa nó tuairisc bhéil a thabhairt agus beidh orthu socrú ar fhormáid na dtuairiscí. Mar gcéanna, tig le scoileanna socrú má tá siad ag dul a thabhairt amach na dtorthaí do fhómhar 2008 amháin nó ma tá siad ag dul a thabhairt amach nad torthaí do fhómhar 2007. Tabharfaidh seo bliain eile daoibh éirí cleachtaithe le proiséas thuairisciú thorthaí InCAS do thuistí sula gcaithfidh siad tuairisc scríofa a thabhairt daoibh i 2009/10
- **Nuair a iarrann tuistí eolas ar leith le bheith ar fáil, i scríbhinn nó ó bhéal, caithfear seo a sholáthar;**
- **Ní thógfaidh an Roinn / CCEA an t-eolas InCAS go lárnach**, ag aithint a fheidhm dhiagnóiseach laistigh de rang agus scoil. Ba chóir go mbainfeadh príomhoidí úsáid mhaith as an réimse eolas measúnuithe taobh istigh da scoil, torthaí InCAS san áireamh, lena chinntiú go dtógfar caighdeáin agus go dtig le gach páiste a c(h)umas a bhaint amach.

Leibhéil Dhul Chun Cinn

12. Faoi láthair tá na Leibhéil Dhul Chun Cinn i ndréachtfhormáid agus déanfaidh an Roinn anailís ar an chomhairle, atá le teacht ó CCEA níos moille i dtéarma an fhómhair, faoin dóigh a mbaineann siad leis na leibhéil atá ann faoi láthair. Is léir go bhfuil am de dhíth ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí éirí cleachtaithe leis na Leibhéil Dhul Chun Cinn nuair a bheidh siad réidh. Is é cuid den chomhairle atáthar ag súil le teacht ó CCEA ná má tá an t-amscála do thabhairt isteach na Leibhéal Dhul Chun Cinn ón scoilbhliain 2009/10 réadúil agus indéanta sa chomhthéacs seo.

13. Ag aithint go bhfuil an t-aistriú i measúnú chun ailíniú leis an churaclam athbhreithnithe ina chéim eile i dtaca le cur i ngníomh iomlán, tá sé socruithe ag an Roinn go dtabharfar isteach an riachtanas chun an scil Thras-churaclaim Úsáid TFC a mheas, a bheidh reachtúil thar gach Eochairchéim den chéad uair, sa scoilbhliain i ndiaidh Cumarsáide agus Usáid Mhatamaitice. Mar sin de, má thugtar isteach na Leibhéil Dhul Chun Cinn le haghaidh Cumarsáide agus Úsáid TFC i 2009/10, tabharfar isteach Úsáid TFC i 2010/11 agus araile.

14. Coinneofar príomhoidí agus múinteoirí ar an eolas go hiomlán faoi athruithe ar bith ar an amscála atá beartaithe agus ba chóir go dtuigfeadh siad go soiléir go n-aithníonn muid tábhacht na bainsitíochta agus an t-am a nglactar sa dóigh is go bhfuil an fhoireann cleachtaithe leis na Leibhéil Dhul Chun Cinn mar phríomhthosca cinntitheach sa chinneadh seo.

Ag tuairisciú do thuistí

15. Mar is eol duit tá muid ag tabhairt isteach formáid níos caighdeánaí le haghaidh na tuairisce bliantúla do thuistí. Beidh an Roinn ag dréachtú reachtaíochta chun na socruithe tuairsicithe a dhéanamh reachtúil, agus beidh siad ag dul i gcomhairle le linn an fhómhair air seo. Idir an dá linn is gá le scoileanna eolas bríoch a thabhairt do thuistí thar an churaclam, go háirithe ag baint le torthaí measúnuithe i dTeanga & Litearthacht agus Matamaitic & Uimhearthacht

16. Tá roinnt pointí ag teacht amach as luacháil CCEA den Ciorcal Tuairiscithe ina mbeidh soiléiriú cuidiúil:

- Nuair a bheidh an Tuairisc Bhliantúil á comhlíonadh socróidh an scoil féin / na múinteoirí féin cé acu is maith leo an uirlis leictreonach scríobh tuairisce(Proifílí 7) nó ní maith. Tá leaganacha Word ar fáil nó tig leis na tuairiscithe bheith lámhscríofa;
- Tá rogha ag an scoil / múinteoir más maith leo na spásanna ráitis, atá roghnach, a úsáid;
- Roimhe seo bheadh scoileanna ag soláthar eolais bhreise m.sh torthaí scrúduithe ranga, beidh an tsolúbthacht acu leanúint ar aghaidh ag tabhairt amach an eolais seo do thuistí;

- Tá ceisteanna ann a bhaineann le slándáil sonraí i dtaca le rochtain iomlán bhaile ar shonraí daltaí le haghaidh líonadh isteach tuairiscí sa bhaile, a léirigh roinnt múinteoirí gur mhaith leo a dhéanamh. Áfach, ba é seo an dóigh a mbeadh sé beag beann ar na riachtanais tuairiscithe.
- Leanfaidh CCEA agus C2K ar aghaidh tacaíocht deasc chabhrach agus traenáil a thabhairt, ábhair thacaíochta ar líne san áireamh.

Ag tuairisciú don Rialtas

17. As siocair go gcaithfidh muid bheith ábalta cuntas a thabhairt don Tionól agus don phobal faoi chaighdeáin inár scoileanna, caithfidh scoileanna tuairisc ar thorthaí dheireadh Eochairchéime a thabhairt trí CCEA ar líne le Ciorclán 2006/26:

- Tabharfaidh scoileanna amach torthaí measúnachta go fóill trí CCEA ar Theanga & Litearthacht agus Mhata & Uimhearthacht do Bhlianta 4,7 agus 10;
- Tabharfaidh scoileanna eolas amach i dtaca le leibhéil, agus na cuir síos leibhéal dheireadh Eochairchéime atá ann cheana in úsáid; bunaithe ar mheasúnú múinteora le tacaíocht ó aonaid mheasúnaíochta CCEA agus modhnóireacht / teisteanna, nó ar mheasúnú múinteora amháin;
- Ba chóir go mbeadh scoileanna go fóill ag leagan síos spriocanna feabhais bunaithe ar na sonraí atá tugtha ag an Roinn.

18. Tá tuilleadh eolais faoi churaclam, mheasúnú agus thuairisciú ar fáil go fóill trí shuíomh gréasáin na Roinne ag: www.deni.gov.uk agus trí shuíomh gréasáin an churaclaim athbhreithnithe ag: www.nicurriculum.org.uk.

Brian Morrow
An Fhoireann um Churaclam agus um Measúnú